*Gaelscoil Mhic Amhlaigh*
*Lána an Mhuilleora,*
*Cnoc na Cathrach, Gaillimh, H91 FV4D*
**Fón: 091 590152**

# Nuachtlitir Deireadh na Bliana

**A Thuismitheoirí, a cháirde** **13ú Meitheamh 2023**

FOCAIL SLÁN & BUÍOCHAS/ A WORD OF THANKS & GOODBYE

**Táimid ag guí gach ádh agus sonas ar Geraldine & Mary a bhéas ag crochadh a gcuid seoltaí agus ag dul ar scor óna gcuid oibre sa scoil ar 28ú Meitheamh .**

**Tá beagnach 30 bliain caite ag Geraldine ag plé le GMA. Bhí sí i dteannta a fear céile Uinseann mar dhuine de bhunaitheoirí na scoile nuair a thosaigh an scoil i 1993 . Bhí sí mar chisteoir ar an mBord Bainistíochta ar feadh na mblianta ar dtús , ansin d'oibrigh sí mar chúntóir teanga sa scoil agus bhí sí mar chuntóir riachtanais speisialta linn le blianta fada anois. Nach ar na páistí a bhí sí mar chúntóir dóibh a bhí an t-adh . Sheas sí ar son na páistí i gconaí . Léirigh sí grá agus meas as cuimsitheach dhóibh . Bhí sí do-chreidthe iontach ina ról agus i ngach ról a bhí aici sa scoil le 30 bliain . Thug sí tacaíocht i gconaí do gach imeacht scoile agus don fhoireann ar chuile bhealach . Roinn sí a cuid buanna sna hEalaíne go fial nuair a bhí siad ag teastáil . Bhí a dílseacht don scoil chomh soiléir do chách . Aireoidh muid uainn chomh mór thú Geraldine ! Guíonn Pobal na scoile gach maitheasa ort a Geraldine i dteannta Uinseann , Katie , Louise agus ar do ghar-mhac nua bheirthe Kaius .Míle buíochas ó chroí as ucht do chuid oibre iontach. Go mo fada buan sibh ar fad.**

**Tá Mary ag obair sa scoil mar mhúinteoir le 20+ bliain . Tá sí tar éis cur chomh mór le cáil na scoile ar an stáitse le blianta fada agus deiseanna iontacha a thabhairt do pháistí iad fhéin a chur i n-iúl ar stáitse ag an bhFéile Scoil Dramaíochta le blianta fada . Tá Scoth Léiriú na Féile bainte amach aici go minic , duais atá an-speisialta go deo . Aon uair a bhí imeacht scoile ar siúl , bhí Mary i mbarr a réime agus ag stiúradh muid ar fad . Chuir sí chomh mór lenár n-imeachtaí scoile agus aireoimid uainn go mór an tionchar a bhí aici ar na himeachtaí sin idir ceol, drámaíocht , damhsa , ealaín & rl . Tá bua na cruthaitheachta go tréan ionat a Mhary agus bhí tú chomh fial flaithiúil leis i gconaí . Aireoimid uainn go mór thú . Guíonn Pobal na scoile gach maitheasa ort fhéin, Peter , Órla, Gráinne & Deirdre agus na hamanta speisialta a bhéas amach romhaibh le chéile . Míle buíochas ó chroí as ucht do chuid oibre iontach ar son na scoile . Nár laga Dia thú .**

*We extend our best wishes to Geraldine & Mary, two remarkable women, who will be retiring from their roles in the school on 28th June.*

*Geraldine has spent nearly 30 years devoted to the GMA cause. She along with her husband Uinseann and others founded GMA 30 years ago. Initially Geraldine was treasurer of the Board of Management for many terms. She worked as Language Assistant for a few years and has been in her role as Special Needs Assistant for a lot of years . On observation, one could only be struck by the complete devotion Geraldine had for the children to whom she was assigned. They were so fortunate to have someone of her calibre as their SNA , totally devoted to their individual needs . Geraldine walked and talked the vision of GMA every day on the corridors of our school .*

*Though we are so happy that a well-deserved rest from her working life awaits her, her leaving brings much sadness as she represented a time that was so special and pivotal to our school's success and our school story. Geraldine supported the school in every way she could and was so willing to share her musical and drama talent when required. Nothing was too big an undertaking for her ever. Our school community wish Geraldine every happiness and good health with Uinseann , Katie , Louise and her new born grandson Kaius as she begins this new chapter in her life . We will miss you Geraldine and we wish you all that is good. Tá sé tuillte go maith agat .*

*Mary has spent 20+ years working in GMA as a teacher . She has contributed so much to the school's success in drama, music and art . Children have received fantastic opportunities in drama as a result of her devotion to the Féile Scoil Dramaíochta and to other school events. Many children remember their journey on stage with Mary as their fondest school memory and are so grateful to her for affording them these opportunities and all they learned from them. Míle míle buíochas Mary . Mary never did anything in halves, it was all or nothing. Any performance or school activity she would prepare would be spectacular on many fronts. She won the best production of the festival on many occasions at the Féile Scoil Drámaíochta; recognition most can only dream about. She is gifted with creativity in Drama, Music & Art and our school is the richer for her contributions to all of these subjects. We will miss your attention to detail Mary and your great spirit in our school.  Your dedication to the school's success was lovely to witness. Our school community wish Mary every happiness and good health with Peter, Órla , Gráinne & Deirdre as she begins this new chapter in her life and the special times ahead as a family  . We will miss you Mary and we wish you all that is good. Tá sé tuillte go maith agat .*




**Tacaíocht/ Support**

**Tá grúpa tuismitheoirí  tagtha le chéile chun eolas agus  tacaíocht a thabhairt dá chéile i dtaobh éagsúlacht a bhaineann lena bpáistí . Má tá suim agat bheith mar chuid den  WhatsApp atá cruthaithe , seol ríomhphost le d'ainm & d' uimhir ghuthán chuig parents4neurodiversitygma@gmail.com .**

*A group of parents of neurodivergent children at GMA have come  together with a view to sharing information and offering support to each other .   If you would like to be added to our WhatsApp group, please email parents4neurodiversitygma@gmail.com with your name and phone number.*

## **Laethanta Saoire/School Holidays**

Beidh an scoil ag dúnadh i gcomhair laethanta saoire an tsamhraidh ar an gCéadaoin 28ú Meitheamh. Osclófar an scoil arís ar an ***gCéadaoin 30ú Lúnasa 2023.*** Tá saoire iontach tuillte ag chuile dhuine idir páistí, tuismitheoirí agus an fhoireann scoile as ucht an bhliain atá curtha isteach agaibh . Molaim go h-árd na spéire sibh as ucht bhur gcuid oibre agus bhur gcuid tacaíochta dá chéile agus don scoil.

**Rachaidh na ranganna seo leanas abhaile ag na hamanta seo leanas ar lá na laethanta saoire, 28ú Meitheamh :**

- **Ranganna a théann abhaile de ghnáth ag 1.15 & 2.15 , rachaidh siad abhaile ag 11:50**
- **Ranganna a théann abhaile de ghnáth ag 1.20 & 2.20 , rachaidh siad abhaile ag 12:00 meánlae**

*The school will close for the summer holidays next Wednesday 28th June. School will re-open again on* ***Wednesday, August 30st 2023.*** *Children, Parents & Staff deserve the best summer holiday this year. You have all worked so hard during this school year. I salute you all for your diligence, your work and your support to each other and the school. I hope the sun shines for you all this summer!*
***On the day of the summer holidays, 28th June, children will go home at the following times:***

- ***Children who normally go home at 1.15 & 2.15 will go home at 11:50 am***
- ***Children who normally go home at 1.20 & 2.20 will go home at 12 midday***




## **Leabhair Scoile saor in aisce do gach dalta bunscoile / Free Schoolbooks for all pupils**

**Ó Mheán Fómhair 2023, cuirfidh an scoil leabhair scoile , leabhair saothair agus cóipleabhair ar fáil do pháistí . Ní bheidh aon chostas ar thuismitheoirí /chaomhnóirí mar go mbeidh an scoil ag fáil maoiniú ón rialtas chun na costais seo a chlúdach . Is cúnamh an-mhaith é seo do chlainnte na scoile. Féach billeog eolas leis seo.**

**Beidh liosta stáiseanóireacht le ceannacht ag tuismitheoirí dá bpáistí agus cuirfear an liosta sin ar fáil daoibh an tseachtain seo chugainn .**

**Beidh costas €60 d'ábhair ealaíne , fótacóipeáil , árachas 24 uair a chloig & rl le n-íoc chomh maith.**

**Táimid ag iarraidh ar thuismitheoirí i Ranganna 2-6 roinnt leabhra atá i rocht mhaith atá ag a bpáiste nach mbeidh uathu aríst a fhágáil ag an scoil le n-usáid amach anseo más féidir ar chor ar bith . Munar mian leat na leabhra a fhágáil ag an scoil abair leis an múinteoir ranga é le bhur dtoil. Muna gcloiseann muid uait , baileoidh múinteoirí leabhra a cheapann siad a bheadh usáideadh do pháiste eile .**

*From September 2023, schoolbooks, workbooks and copybooks for children will be provided to every child free by the school . There is no charge to parents/ guardians for this , as the school will receive funding from Government to cover these costs . This will be a great support to parents . Please see information attached .*

*Parents will need to provide some stationery items and we will provide this list to parents next week.*

*There will also be the reduced €60 fee to pay for Art materials, Photocopying , 24 hour Personal Accident Insurance etc .*

*Regretfully , the grant received isn't covering all the essential items , school books , school workbooks & copies so we have no additional surplus to put towards other costs .*

An Brat Glas

D'éirigh leis an scoil an brat glas a fháil arís i mbliana. Bhí an coiste glas ag obair ar an téama 'Taisteal agus Saoránach Domhanda' le dhá bhliain anuas. Comhghairdeas leis an gcoiste glas ar an obair ar fad a rinne siad chun an brat a fháil. Tá feabhas iontach tagtha ar líon na bpáistí a bhíonn ag teacht ar scoil ar rothar agus scútar agus ag siúl. Bhí ócáid álainn ag bronnadh an brat san óstán an Galway Bay ar an 11ú lá déag de mí na Bealtaine. Míle buíochas le múinteoirí Fionnuala agus le Neasa as ucht a gcuid oibre ar fad.



*The school has been awarded the green flag again this year. The coiste glas were working on the theme 'Travel and Global Citizenship for the past two years. Congratulations to all members of the coiste glas for their hard work in achieving the green flag again. We have seen a wonderful improvement in the number of children who walk, cycle and scoot to school. The presentation of the green flag took place in the Galway Bay hotel on the 11th of May and was a lovely occasion. Congratulations to all and a special thanks to múinteoirí Fionnuala and Neasa for their hard work.*

Seachtain Na Rothar

Seachtain na rothar a bhí ann ón 15ú go dtí an 19ú Bealtaine. Rinne na páistí iarracht iontach teacht ar scoil ar rothar nó scútar. Bhí an aimsir go hálainn agus bhain gach duine an-taitneamh as.  Bhí comórtas idir ranga againn i gcómhair cóisir píotsa! Bhí pointí á bhailiú ag na páistí dóibh siúd a bhí ag taisteal ar scoil ar bhealach glas. Ar an Deardaoin chomhair muid 168 rothar taobh amuigh den scoil! Is éacht iontach é sin. Tháinig an meitheal rothar chuig na scoile ag deisiú na rothar agus ag múineadh dúinn cén chaoi aire a thabhairt de na rothar. Anois agus an Samhradh linn ba mhaith linn páistí a fheiceáil ag rothaíocht nó ag scútáil nó ag siúl gach lá!

*Bike week took place from the 15th to the 19th of May. The children made a wonderful effort to cycle scoot or walk to school. The weather was beautiful and everyone really enjoyed it. We had an inter class competition for a pizza party, Children were collecting points for coming to school using green transport. On Thursday we counted 168 bicycles outside the school. This is a fantastic achievement. We also ran bike maintenance workshops where children could have their bikes repaired and learn how to take care of them. Now that the summer is with us we would like to see the children coming to school every day on their bikes, scooters or walking!*













Lego

Ghlac rang a trí páirt sa thionscnamh Lego faoin téama 'Turas an Fuinneamh'. D'fhoghlaim siad go leor faoi foinsí fuinneamha, stóráil fuinneamh agus úsáid fuinneamh. Rinne siad taispeántas álainn chun an t-eolas seo ar fad a léiriú. Tá cuid de na samhlacha in ann bogadh mar go bhfuil inneal iontu agus d'úsáid na páistí ipads chun agus cód scríobh a chuireann na hinnil sin ag imeacht. Bhí an-spraoi acu. Míle buíochas le múinteoirí Fionnuala, Martina agus Aonghus as ucht a gcuid oibre ar fad.

*Third class took part in the Lego project under the theme 'Energy Journeys'. They learned about sources of energy, storage of energy and uses of energy. They built a Lego display to showcase all they had learned. Some of the models have moving parts powered by motors. The children used iPads to write code which make the motors work. They had lots of fun! Many thanks to múinteoirí Fionnuala, Martina and Aonghus for their hard work.*



An t-Ionad Garraíadóireachta a bhí mar théama ag na Naíonáin Bheaga an mhí seo. Bhí na páistí an-ghnóthach ag foghlaim faoi bhláthanna. Chuir muid síolta Lus na Gréine agus tá muid ag tabhairt an-aire dhóibh.









## Tuairiscí Scoile/School Reports:

Tá siúl againn go mbeadh tuairisc scoile do na páistí fáighte agaibh faoin 16ú Meitheamh. Seolfar amach iad ar Aladdin Connect. Muna bhfaigheann tú tuairisc scoile do pháiste cuir glaoch ar an oifig láithreach led' thoil.

*We hope to issue your child's school report by 16th June. These reports will be sent out via Aladdin Connect. A text will go out when reports are on your app. If for any reason you have not received your child's report please contact the school immediately on 091 590152/ scoilma.ias@gmail.com.*



## Múinteoirí Ranga/Class Teachers 2023/24:

Beidh múinteoirí nua le fostú le linn mí Iúil sna trí seachtainí atá romhainn agus mar gheall ar seo níl muid in ann a rá le gach rang cén múinteoir a bhéas acu an scoilbhliain seo chugainn go fóillín . Seolfar rphost agus téacs amach nuair a bhéas na múinteoirí breise socraithe le linn mí Iúil.

*Interviews will be held for teaching positions in the school during the month of July. We expect to be able to send a full list of names of all teachers allocated to each class for the academic year 2023/24 to all families early July.*

## Feithlí Linbh/Childminder:

**MÁ TÁ SUIM AG AON TUISMITHEOIR AIRE A THABHAIRT DO PHAISTÍ, GLAOIGH AR AN OIFIG AGUS TABHAIR D'UIMHIR DO KATHLEEN/AOIFE.**

*IF YOU ARE AVAILABLE TO CHILDMIND/PICK UP CHILDREN FROM NAÍONRA OR SCHOOL PLEASE GIVE YOUR CONTACT DETAILS TO KATHLEEN/AOIFE IN SCHOOL OFFICE.*

## Leabhair PM, Flying Start agus Cleite / Reading Material

**Tugann an scoil go leor leabhair ar iasacht do pháistí i rith na bliana i gcomhair Literacy Lift Off, Guided Reading, Léim sa Léamh, Cleite agus grúpaí tacaíochta. Tá go leor de na leabhair imithe ar strae, tuigeann muid go dtárlaíonn sé seo go héasca! Má tá leabhair a bhaineann leis an scoil sa bhaile seol isteach iad go luath an tseachtain seo chugainn le bhur dtoil.**

*The school lends many books to children during the year for Literacy Lift Off, Guided Reading, Léim sa Léamh, Cleite agus support groups. Some books have not been returned to us - we understand that they can be easily mislaid . **If there are books belonging to the school at home, please send them in early next week . Míle buíochas.***











**Bronnadh na Duaiseanna don Fhéile Scoil Drámaíochta:**
Chuaigh Rang a 4 chuig Páirc an Chrócaigh do bhronnadh na duaiseanna don Fhéile Scoil Drámaíochta i mí Bealtaine. Bhuaigh Rang Mary/Neasa a gcomórtas amach agus an duais is ansa ar fad 'Scothléiriú na Féile'. Bhuaigh Rang Áine duais an mholtóra don 'Stíl Léiriúcháin'. Anuas ar sin, bhuaigh an dá dhráma dhá dhuais eile don 'Ghaelscoil is Fearr' agus don 'Bhunscoil is Fearr'. Buíochas ó chroí le gach éinne a thug tacaíocht do na páistí agus na múinteoirí le linn an chomórtas. Is an chéad uair riamh a bhain an scoil amach an méid sin duaiseanna, is onóir ollmhór é dúinn. Míle buíochas agus comhghairdeas speisialta do Mhary, Nease agus Áine. Rinne sibh éacht. Buíochas ó chroí do Dheirdre as ucht an ceol aoibhinn a chur go mór leis na hócáidí.Is deis fíor luachmhar atá tugtha ag Mary, Neasa, Áine & Ciarán don 3 rang a 4 i mbliana. Smaoineoidh na páistí ar an turas foghlama seo ar feadh i bhfad. Buíochas ó chroí le Mary, Neasa, Áine agus Ciarán.

*4th class went to Croke Park for the awards ceremony for the  Féile Scoil Drámaíochta in May. Mary/Neasa's class won their category and the most prestigious prize for 'The Best Production of the Festival'. Áine's class won one of the adjudicator's special prizes for the 'Production Style'. Both dramas contributed to winning a further two prizes for our school, 'Best Gaelscoil' and 'Best Primary School'. A sincere thanks to everyone who supported the children and teachers throughout the competition. It is the first time that the school has won this many awards for this competition, it is a huge honour for the school. Many thanks and congratulations to Mary, Neasa and Áine. Ye really stole the show! Special thanks to Deirdre for adding so much to the performance with her gifted music. Mary, Neasa, Áine and Ciarán have given the children in all 4th classes a wonderful experience of drama this year and a journey they will remember for a long time. Sincere thanks to everyone.*



**_Iomanaíocht / Camógaíochta / Hurling/ Camogie_**

Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghlacadh le Múinteoirí Saoirse, Gearóid agus Martina Ní Gh. as ucht seisiúin traenála a chur ar fáil t´éis scoile do pháistí Rang 4- Rang 6 ó thús na bliana. Fuair siad an-tacaíocht go deo ó Pádraig Ó Maoldomhnaigh agus John Ó Catháin gach seachtain. Ghlac dhá fhoireann iománaíochta páirt i gCómórtas idir scoile a d'éagraigh Scéim Oiliúna na Gaeltachta sa Spidéal le deirní agus d'éirigh le foireann amháin an chomórtas sin a bhuachaint I mbliana. Comhghairdeas leo .

Ghlac an fhoireann scoile Iománaíochta agus camógaíochta páirt I gcómórtas Cumann na mBunscol freisin i mbliana arís agus iad ag imirt ag léibhéal an-ard in aghaidh foirne ó oirthear an chondae. Bhí muid thar a bheith bródúil astu ar an lá .

Míle buiochas do Tommy Ó Fátharta (Sceím Oiliúna Gaeltachta), Cian Ó Conchubhair ( Oifigeach Óige an Chondae) a rinne sár obair le ranganna éagsúla le linn na bliana. Tá ard mholadh ag dul do Shane Burke agus tuistí eile ó Chlub Iománaíochta Rathúin/ Caisleáin Nua agus Frank Keane, Ryan O Dwyer agus tuistí eile ó Chlub Bóthar na Trá/Cnoc na Cathrach a thóg na ranganna éagsúla amach ag traenáil le linn na bliana. Nach iontach an rud é an méid sin gasúir a fheiceáil ag imirt an chluiche ársa sciliúil seo. Molann muid do thuistí a ghasúir a chlárú le na clubanna áitiúla chun cur leis an ndul chun cinn atá déanta acua sa spórt ar scoil. Ní neart go cur le chéile!

*We would like to express our thanks to Múinteoirí Saoirse, Gearóid and Martina Ní Gh , who along with John Keane and Pádraig Maloney provided training after school for children from 4$^{th}$-6$^{th}$ classes every week all this year . Two hurling teams participated in a competition organised by Scéim Oiliúna na Gaeltachta in An Spidéal recently . Congratulations to one of our teams who came out worthy winners of the competition this year.*

*Both our Hurling and Camogie team participated in the Cumann na mBunscol Competition again this year but at a Higher level coming up against teams from East Galway. We are extremely proud of our young players who put on a brilliant display of Camogie/Hurling on the day.*

*Many thanks to Tommy O Fátharta( Scéim Oiliúna Gaeltachta) and Cian O Connor ( County Development) for all their help with coaching with different classes throughout the year.*

*We appreciate all the help and support from both Shane Burke from Rahoon/ Newcastle and Frank Keane and Ryan O Dwyer from Sathill /Knocknacarra Clubs who along with other parents came in to train various classes this year . They thoroughly enjoyed the training and learned a lot of new skills . We would encourage all parents to get their children involved in local GAA clubs in order to build on the skills they've learnt this year in school in order to become the great team players of the future. Ní neart go cur le chéile .*







**Turas Scoile chuig Páirc an Chrócaigh:**
Chuaigh Rang a 4 ar thuras scoile timpeall Páirc an Chrócaigh freisin. Bhí deis acu na seomraí feistis agus tolglann na himreoirí a fheiceáil agus shiúileadar amach an tollán chuig an pháirc cosúil le na himreoirí roimh cluiche. Bhain siad an-taitneamh go deo as an lá agus le cúnamh Dé feicfidh muid cuid de na páistí céanna ag dul chun na páirce sna blianta amach romhainn agus geansaithe na Gaillimhe ar a ndroim orthu.

*4th class also had their school tour around Croke Park. The children had an opportunity to see the player's changing rooms, the player's lounge and to walk up the tunnel to the pitch as the players do before a match. The children had a fantastic day and here's hoping that we will see some of the same children returning to Croke Park to play for their county in future.*








## Léitheoireacht/Reading:

Ag an tráth seo, táim cinnte go bhfuil sos ag teastáil daoibh ar fad sa bhaile. Moltar do thuismitheoirí más féidir a bpáistí a ghríosadh chun roinnt léitheoireacht a dhéanamh i rith na laethanta saoire. Dhéanfadh sé an-mhaitheas do pháistí na Naíonáin Bheaga agus Naíonáin Mhóra dá gceannódh tuismitheoirí roinnt leabhra Gaeilge i gcomhair na laethanta saoire. Cuirfidh sé go mór lena líofacht agus a muinín ina gcumais léitheoireachta. Mholfainn do pháistí roinnt saor scríbhneoireachta a chleachtadh chomh maith.

*We're aware that you all would like a break from school work at this stage! Parents are advised if possible to encourage all of the children to continue reading books over the summer holidays. It would be a good time to visit the library and/or bookshops etc on a weekly basis when children are not busy with schoolbooks etc. Junior and Senior Infant children would benefit greatly if parents purchased some Irish books for them. It will add to their fluency and confidence in reading. Encourage all types of reading for enjoyment.*
*Practicing some free writing would be beneficial as well .*



**Scrúdaithe Chaighdeánaithe Ranganna 1-5 / Standardised Test Results for 1st-5th Class pupils**

Seolfar abhaile sa phost torthaí scrúdaithe chaighdeánaithe páistí Ranganna 1-5 ag deireadh na seachtaine seo. Seol ríomhphost chuig an múinteoir ranga muna bhfaigheann tú iad.
Meabhraítear do thuistí nach bhfuil i dtástálacha caighdeánaithe ach gnéith amháin den fhaisnéis a ghabhann le dul chun cinn iomlán do pháiste. Ba cheart na torthaí a chumadh i gcomhthéacs níos leithne i gcónaí. Bailíonn an scoil faisnéis thábhachtach ó fhoinsí luachmhara éagsúla eile m.sh. gnáthbhreathnú, tascanna ranga / aonaracha, rannpháirtíocht ranga, tascanna / obair bhaile éagsúla, tascanna agus tástálacha deartha ag an múinteoir, tástálacha / tuarascálacha / aiseolas eile. Cuidíonn an fhaisnéis seo go léir linn pleanáil agus oibriú i dtreo foghlaim do pháiste a fheabhsú. Beidh an múinteoir ranga i dteagmháil leat roimh laethanta saoire an tSamhraidh má cheaptar go mbeadh gá le tuilleadh monatóireachta nó tacaíochta.

*The results of standardised tests administered in 1st-5th classes will be sent in the post to parents before the end of this week. Please contact the class teacher by email if you don't receive same.*
*It is important to remember that standardised tests such as these form only one part of the 'jigsaw of information' about your child's overall progress. Results should always be framed in a broader context. The school gleans much important information from a variety of valuable sources e.g. routine observation, class/individual tasks, class participation, various assignments/homework, teacher-designed tasks and tests, other tests/reports/feedback. All of this information helps us to plan and work around optimising your child's learning. In the usual way, your child's teacher will be in touch before the summer holidays should a need for further monitoring or support be identified.*

**Ciste Forbartha / Development Fund**

**Míle buíochas do na tuistí ar fad atá tar éis tacaíocht a thabhairt don chiste €250 go dáta . Tuigeann muid go maith nach bhfuil gach duine in ann cuidiú linn ag an am seo . Seo cúpla poinnte le nótail.**

- **Is féidir an méid iomlán de €250 a thabhairt don scoil in aon íocaíocht amháin nó briste suas in iocaíochtaí níos lú idir seo agus an Nollag .**
- **Is féidir tús a chur leis an ordú seasta aon mhí idir seo agus an Nollag msh , Má thosnaíonn tú i mí Iúil , is féidir 6 íocaíocht de €41.66 a dhéanamh thar 6 mí &rl.**
- **Is féidir an airgid a íoc tríd an gcóras e-payments sa scoil más fearr leat é sin a dhéanamh seachas ordú seasta.**



**Is féidir teagbháil a dhéanamh leis an oifig má tá aon cheisteanna.**

*Many thanks to everyone who has supported the fundraising drive so far. We really appreciate your support. We understand that some parents are not in a position to help us until the Autumn or some may not be able to commit on this occasion. All and any support is appreciated. A couple of points to note :*

- *You may donate the €250 in one payment anytime between now and next December . You may donate smaller amounts at different intervals if it suits best. You may pay by direct debit, cheque, cash or through the school e-payments link. You can request the office to send you this link .*
- *If you choose to pay by standing order, You may start your standing order any month you choose to do so between now and December . If you choose to commence in July , you'd be making 6 payments of €41.66 per month until December . If you choose to commence in August , you'd be making 5 payments of €50 per month until December etc.*

*Please call the school office if you need any clarification or assistance.*

# CULAITH SCOILE/UNIFORM:

**Boys:Purple Jumper with school crest**
**Tartan Tie**
**Grey Trevira Trousers**
**White Shirt**
**Navy Socks**

**Girls:Purple Cardigan with school crest**
**Tartan pinafore & matching tie**
**White Shirt**
**Navy Tights/Socks**

Má tá aon duine ag iarraidh culaith scoile nua is féidir é a fháil i siopa an National Schoolwear Centre, Liosbán Retail Centre, Br. Thuama. Cuir isteach d'ordú chomh luath agus is féidir. Molann an siopa daoibh an t-ordú a dhéanamh ar line i mbliana más féidir. Beidh culaith spóirt le caitheamh ag gach páiste ó Naíonáin Bheaga suas. Tá sé le fáil sa National Schoolwear Centre. Caitheann Naíonáin Bheaga agus Naíonáín Mhóra culaith spóirt amháin. Is culaith spóirt corcra le T-léine Polo corcra atá sa chulaith spóirt. **IS TRACKSUIT DUBH GHORM GAN LOGOS GAN LÍNTE, GAN SCRÍOBH É TRACKSUIT NA SCOILE AGUS TÁ SÉ LE FÁIL SA NATIONAL SCHOOL CENTRE**. NÍL CEAD 'LEGGINGS ' A CHAITHEAMH. **Beidh páistí Rang 1 ag caitheamh an culaith iomlán scoile I Meán Fómhair agus an culaith spóirt ar laethanta corpoideachais Moltar do pháistí bróga leathar dubha a chaitheamh agus bróga reatha a bheith orthu ar laethanta spóirt. Tugtar faoi deara go bhfuil roinnt páistí nach bhfuil ag cloí leis an bpolasaí scoile maidir leis an gculaith scoile. Iarrtar ar thuismitheoirí a chinntiú go bhfuil an culaith scoile ceart ar fáil do phaistí & broga ceart i gcóir urláir scoile, culaith spóirt ceart scoile & rl. Ar laethanta grianmhara agus aimsir dheas tá cead brístí ghearr dubhghorm nó liath a chaitheamh, cinn gan logo's. Tá said ar fáil i Dunnes / Penny's agus srl.**

*If anyone wishes to purchase a new uniform they may do so at National Schoolwear Centre, Liosbán Retail Centre, Tuam Rd. All children from Junior Infants upwards will wear a tracksuit for sport days. . Junior and Senior Infants wear their school tracksuit as their school uniform. Children in First Class will start wearing the full school uniform for the first time in September and their tracksuit for schooldays. If you are purchasing a new uniform place your order for same as soon as possible. The shop have asked us to place orders on line if at all possible this year. Our full uniform and tracksuit is only supplied by The National School Wear Centre, Liosbaun Estate. Remember that the tracksuit is an economy garment and should be worn only when required. TRACKSUITS WITH LOGOS, LINES, BRANDNAMES, WRITING SUCH AS CANTERBERRY OF NEW ZEALAND ETC ARE NOT THE SCHOOL TRACKSUIT. PLEASE ADHERE TO THE PLAIN NAVY TRACKSUIT BOTTOMS.* ***LEGGINGS ARE NOT PART OF OUR SCHOOL UNIFORM-THEY ARE NOT TO BE WORN INSTEAD OF A TRACKSUIT*** *. We would encourage children to wear black leather shoes with their uniform and runners on sports day (with tracksuits). It has been noticed that some children are consistently not adhering to the schools uniform policy. We ask parents to ensure that children have all the items available to them. When experiencing good weather children may wear plain navy or grey shorts, with no logo's etc. They are available in Dunnes, Penny's etc.*
*Mór bhuíochas/Many Thanks.*

the Schoolwear Centre

**City Sports/Sport na Cathrach:**

Ghlac lúthchleasaithe na scoile páirt san 'City Sports' a bhí ar siúl i nDangan ar an gCéadaoin 7ú Meitheamh. Bhí paistí ó Rang 2 suas go Rang 6 ag rith sna rásaí difriúla. Ghlac an scoil páirt sna Sprints, Relay agus Rás Fada. Rinne an scoil go h-iontach agus bhí an-lá ag na gasúir. Tá ard-mholadh ag dul dóibh as an iarracht ar fad a rinne siad ar an lá. Comhghairdeas libh! Buíochas mhór d'Aonghus, Fergal & Fiachra as ucht a gcuid oibre ar fad leo, do Saoirse,Jackie agus Órla as a gcúnamh agus do na tuistí as ucht a dtacaíocht ar an lá.

*The schools athletes participated in the City Sports that were held in Dangan on Wednesday 7th June. Children from 2nd class up to 6th class ran in the different events. They took part in the Sprints, Relay, and Long Distance races. The school did extremely well and the children had a most enjoyable day. All children who participated deserve great credit for their efforts on the day. Many thanks to the parents who came to support on the day and to Aonghus ,Fiachra & Fergal for their work with the children . Also a thank you to Saoirse ,Jackie and Órla for their help on the day.*
*Congratulations to those who won medals.*

U 13- Charlie Ó Máille- 2ú áit Sprint

U-11 Anton Ó Conchúir – 2ú áit Rás Fada

U -11 Relay 1ú áit- Conor Mac Uilliam
Ultan Ó Maoldomhnaigh
Gearóid Ó Fathaigh
Maitís Vaux

**Rith Tras Tíre**

Ghlac an scoil páirt sna rásaí tras tíre a bhí ar siúl sa Rinn Mhór I mí Meán Fómhair.Rinneadar iontach ar fad agus d'éirigh leis na foirne eagsúla dul ar aghaidh chomh fada leis na rasaí Connachta a bhí ar siúl i Sligeach. Arís bhí ard thaispeántas uathu ar fad agus rinne said eacht ar son na scoile.

The school participated in the cross country competition which was held in Renmore in September. Each team did brilliantly and managed to qualify for the Connacht Finals which were held in Sligo. Again all participants performed brilliantly and were a huge credit to the school.

Maith sibh ar fad





**Peil/Football:**

Bhí bliain iontach ag peileadóirí Gaelscoil Mhic Amhlaigh. Ghlac foireann na mbuachaillí páirt i Roinn A. Bhí trí chluiche acu in aghaidh Maree, Scoil Iognaid agus Maigh Cuilinn. Tar éis an trí chluiche a bhuachaint d'éirigh leo dul go dtí cluiche ceannais an chondae in aghaidh Oranmore. Tar éis cluiche den scoth agus cúpla cinne a chuaigh ina naghaidh faraor chaill siad le pointe amháin. Bhí an díoma ar na leaids agus cinnte bheadh an bua acu ar lá eile murach an cúpla cinne sin.

Ghlac said páirt freisin i mbliots Scoileanna Gaeltachta i bPáirc na mBreathnaigh. D'éirigh thar cionn leo agus thug said an lá leo tar éis an bua a bheith acu in aghaidh Ceantar na nÓileáin sa gcluiche ceannais.

D'imir na cailíní i Roinn A áit ar imir siad in aghaidh Moycullen, Cummer, Corrandulla agus Claregalway ET. Cé gur imir siad thar cionn níor éirigh leo theacht amach as ngrúpa.

D'imir na cailíní sa mbliots Scoileanna Gaeltachta freisin. Rinne said thar cionn agus bhí bua iontach acu sa gcluiche ceannais in aghaidh an Spidéal. Tá ard mholadh ag dul dóibh as an éacht seo a bhaint amach.

Tá moladh ag dul do gach páiste a rinne sár thraenáil gach Céadaoin. Míle buíochas do Joe agus Aonghus as ucht a gcuid ama ag traenáil agus ag dul leo chuig cluichí i rith na bliana.

*The boys football team played three matches in division A. They played Maree, Scoil Iognaid and Moycullen . After winning all three games the team qualified for the county final against Oranmore. After a very tight game and some decisions going against them the boys lost by a point. They were very disappointed and on another day would have won if decisions went their way. They also took part in the Scoileannna Gaeltachta blitz which took place in Páirc na mBreathnaigh.They played excellently and won the competition with a win against Ceantar na nOileáin in the final. Well done lads.*

*The girls played in Roinn A and had games against Moycullen,Cummer,Corrandulla and Claregalway ET. Despite playing some excellent football they didn't manage to qualify from their group.*

*The girls' team participated in the Scoileanna Gaeltachta blitz also and had a great win in the final against An Spidéal. They played brilliantly and deserve huge credit for a great win.*

*All children who participated in training each Wednesday deserve great credit.*

*A big thank you to Joe and Aonghus for all their hard work during the year between training and attending matches.*






488
482
484
487
486


481
480
478
479
477
483




494
493


490
494

## **Brat Scoil Gníomhach**




D'éirigh leis aon scoil an Brat Gníomhach a bhaint amach don chéad uair i mbliana. Tá ard mholadh ag dul dona páistí a bhí ar an gcoiste. Rinne siad sár obair I rith na bliana idir bheith ag eagrú treallamh agus ag cabhrú leis na naíonáin ar an gclós. Tá moladh freisin ag dul do na páistí ar fad sa scoil a rinne sár iarracht sna gníomhachtaí eagsúla I rith na bliana.Bhí gach rang páirteach ag déanamh laps ar an gcosán buí agus bhí sé iontach an scoil iomlán a fheiceál ag obair chun a bheith níos gníomhaí agus an brat a bhaint amach. Tá buíochas mór ag dul do Saoirse a rinne an-obair chun an brat seo a bhaint amach agus do d'Aonghus a thug cúnamh dí.

*The school has managed to achieve the Active Schools Flag for the first time. The children from 3rd class to 6th class who were on the active committee deserve huge credit and praise. They did trojan work throughout the year organising equipment and also helping out on the yard with the infants. Every class took part in certain activities throughout the year and it was great to see so many kids running laps together each day to reach their class destinations. A huge thank you to Saoirse for all her hard work in achieving the flag and to Aonghus for his help.*

**Sacar i GMA 2023**

Bhí bliain eisceachtúil againn leis an sacar i 2023. Bhí foirne buachaillí agus cailíní ag glacadh páirt sa gcomórtas cúigear an taobh an FAI. Tá foirne na scoile ag glacadh páirt sa gcomórtas seo ón bhliain 2009 agus don chéad uair ariamh d'eirigh le foireann as an nGaelscoil dul chomh fada le Craobh na h-Éireann san Aviva. Éacht déanta ag na cailíní agus tá muid chomh bródúil astu, ach chomh buíoch dóibh freisin as ucht day out a thabhairt dúinn san Aviva. Bhí lá iontach againn ar fad, lá nach ndéanfaidh muid dearmad air go deo. Bhuail na cailíní le bainisteoir na h-Éireann Stephen Kenny. Tháinig said sa dara áit I gCraobh na hÉireann. Buíochas ollmhór do Fhergal & Saoirse as ucht a dtacaíocht dóibh.




*Our school soccer team had a great year this year. For the first time since 2009 the girls team reached the All Ireland final. They were fantastic on the day in the Aviva and lost out to a great Cork team. Our girls came second in the All Ireland but are still Connaught Champions! Everyone had a wonderful day in the Aviva and the girls got to meet Stephen Kenny, the Ireland Manager. A big congratulations and thanks to Fergal and Saoirse for all their work with the girls and to Fergal for his work with this competition for years*

**Eolas do Nuachtlitir Deireadh na Bliana**

**Sábháilteacht Idirlíon – Tuairisc na bliana**

Bhí bliain an-ghnóthach ag an gcoiste Sábháilteacht Idirlíon i mbliana. Cuireadh coiste nua le chéile ag tús na bliana le cúpla tuismitheoir nua páirteach chomh maith le cúpla ball a bhí ann anuraidh. D'úsáideamar an t-aiseolas ó na suirbhéanna chun comhaontú nua a chur le chéile, agus roinneadh é le tuismitheoirí ag tús na bliana. Táimíd sásta gur shínigh formhór na dtuismitheoirí an comhaontú nach mbeadh fón cliste, nó rochtain ag páistí ar na meáin shóisialta nó comhráite grúpa i rith a gcuid ama sa bhunscoil.

I rith na bliana bhí cur i láthair do pháistí agus tuismitheoirí ó Rang 2- 6 ó Zeeko, agus Barnardos, agus An Garda Síochána agus muid ag críochnú obair na bliana **anocht ag 7:30in le hOíche Eolais maidir le Sábháilteacht ar Líne le haoí chainteoirí ó Cybersafe Kids, An Garda Síochána, iarscoláire GMA agus tuismitheoir ó GMA.** Táimíd ag súil le slua mór tuismitheoirí a bheith i láthair.

<u>Urraíocht</u>
Tá costas mór ag baint as grúpaí a thabhairt isteach chun labhairt le páistí agus tuismitheoirí maidir le Sábháilteacht ar an Idirlíon. Má tá aon duine nó gnó sásta tacú leis an scoil chun íoc astu seo, téigh i dteagmháil le fiachra.odubhghaill@gsmhicamhlaigh.ie le bhúr dtoil.

Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil le gach duine a shínigh an comhaontú agus ach go háirithe na tuismitheoirí a tháinig le chéile ar an gcoiste chun Sábháilteacht ar Líne a chur chun cinn sa scoil. Nár laga dia sibh!

Más maith leat an comhaontú a shíniú tá sé ar fáil fós ag an nasc seo i nGaeilge:
https://docs.google.com/forms/u/1/d/1RDOW71zsI37xQmE4Pqz02grJNSPm5ykax-2_aFa6CAo/edit
nó i mBéarla ag: https://docs.google.com/forms/d/1ScH3RTUwCQt8f_CbAFs32u_P5J55RFelzwze2f9XJdc/edit i mBéarla).

Agus an samhradh ag druidim linn seo roinnt moltaí ó thuismitheoirí chun do pháiste a choinneáil sábháilte:

**Moltaí ó thuismitheoirí:**

Tá a fhios againn go bhfaighidh beagnach gach páiste fón póca am éigin, (tá súil againn nach dtárlóidh sé go dtí go bhfágann siad an bhunscoil), agus le fón nó gléas eile tagann riosca méadaithe cibearbhulaíocht, úsáid gan chosaint na meán sóisialta, rochtain ar ábhar mí-oiriúnach, agus achar airde srl.
<u>Seo roinnt leideanna chun cabhrú le páistí a chosaint agus teorainn a chur le cuid de na nithe thuas:</u>

1) Aontaigh roimh ré ar na rialacha a bhaineann le gléas a bheith agat agus go bhfuil a bpasfhocal ar eolas agat, go bhfuil rochtain agat ar an ngléas mar thuismitheoir, nó gur féidir leat é a bhaint ón bpáiste más gá.

2) Socraigh teorainneacha ar am scáileáin agus aontaigh cad iad na haipeanna ar féidir leo rochtain a fháil orthu, socraigh méid áirithe ama scáileáin in aghaidh an lae, bíodh am múchta agat gach tráthnóna uair a' chloig nó níos mó roimh dul a codladh. Ná ceadaigh sa seomra codlata thar oíche. Aontaigh agus mínigh cén fáth a bhfuil na teorainneacha tábhachtach roimh ré le do pháiste.

3) Bain úsáid as rialuithe Tuismitheoirí - chun teorainneacha a shocrú chomh maith le rialú agus monatóireacht a dhéanamh ar cad iad na apps agus láithreáin ghréasáin a bhfuil do leanaí ag rochtain tríd a dtáibléad nó a bhfón cliste - m.sh. Tá Google Family Link saor in aisce, tá go leor roghanna íoctha eile ar fáil freisin.

4) Seiceáil go bhfuil socruithe príobháideachais ar a gcuid apps go léir socraithe go "príobháideach". Múch socruithe Geo-suíomh. Ciallaíonn socruithe poiblí gur féidir le duine ar bith a suíomh a fháil, teagmháil a dhéanamh leo, agus iarracht a dhéanamh cairdeas a dhéanamh leo ar líne.

5) Múin dod' pháiste conas a bheith sábháilte ar líne:

- Socraigh pasfhocail ar a nguthán, ná roinn iad le cairde.
- Bíodh "Faigh mo Ghuthán" nó a leithéid ar siúl ar eagla go gcaillfidís é.
- Pléigh agus sainmhínigh "Cairde" le do leanbh (an cairde iad sa fíor saol?) Ná glac mar chara aon duine nach bhfuil aithne acu orthu - beartaíonn an liosta cairde seo cé a bhfuil rochtain aige ar gach rud a roinneann do pháiste.

Múin dea iompar ar line dod' pháist, meas a bheith acu ar dhaoine eile agusna deacrachtaí a sheachaint. Ná roinn an iomarca ar líne (a luaithe a bhíonn grianghraf nó físeán roinnte ní féidir é a thógáil ar ais), bí cúramach le céard a  scríobhann siad ar líne - tionchar a gcuid focal agus an cibearbhulaíocht.

**Internet Safety – End of Year Report**

The Internet Safety committee had a very busy year this year. A new committee was formed at the beginning of the year with a few new parents involved as well as a few members who were there last year. We used the feedback from the surveys to put together a new agreement, which was shared with parents at the start of the year.  We are happy that most parents signed the agreement that children would not have a smart phone, or be granted access to social media or group chats during their time at primary school.

During the year there were presentations for children and parents from second to sixth classes from Zeeko, and Barnardos, and An Garda Síochána and we finish the year's work **tonight at 7:30pm with an Online Safety Information Night with guest speakers from Cybersafe Kids, An Garda Síochána, former GMA student and GMA parent.** We hope a significant number of parents will attend.

<u>Sponsorship</u>
Bringing in groups to talk to children and parents about Internet Safety is a significant expense. While the school has covered this cost up to now, if any individual or business is willing to support the school to help in covering some of these costs, please contact fiachra.odubhghaill@gsmhicamhlaigh.ie.

We would like to take this opportunity to thank everyone who signed the agreement, attended webinars and especially the parents who came together on the committee to promote Online Safety in the school. Nár laga Dia sibh.

If you would like to sign the agreement but have not done so, please click on the link here for the Irish version:
https://docs.google.com/forms/u/1/d/1RDOW71zsI37xQmE4Pqz02grJNSPm5ykax-2_aFa6CAo/edit
or her for the English version:
https://docs.google.com/forms/d/1ScH3RTUwCQt8f_CbAFs32u_P5J55RFelzwze2f9XJdc/edit

Míle buíochas.

With summer around the corner, please see some useful tips below to help parents keep their children safe online:

**Internet Safety**

We know almost all children will eventually get a mobile phone, (hopefully not until after they have left primary school), and with a phone or other device comes an increased risk of cyberbullying, unprotected use of social media, access to unsuitable content, decreased attention span etc.

Here are some tips to help protect your children and limit some of the above:

1) Agree upfront the rules of having a device and that you as their parent ultimately have their password and access to their device, or can confiscate it.

2) Set boundaries and limits on screen time - eg, agree what apps they can have access to, set a fixed number of hours screen time per day, have a switch off time each evening an hour or more before bed. Don't allow access to phones in the bedroom overnight. Agree and explain why the boundaries are important in advance with your child.

3) Use Parental controls - to set limits as well as control and monitor what apps and websites your children are accessing via their tablet or smartphone - eg Google Family Link is free, many other paid for options are also available.

4) Check privacy settings on all their apps are set to private. Turn off Geo-location settings. Public settings mean anyone can know their location and contact and try to befriend them online.

5) Teach your child phone and online security:

- set passwords on their phone, don't share them with friends.
- turn on "find my phone" setting or similar in case they lose it
- Discuss and define "Friends" with your child (are they friends In Real Life?), don't accept as a friend anyone they don't know - this friend list determines who has access to everything your child shares.
- Teach them how to behave online, respect others and avoid drama. Don't overshare online (once a photo or video is out there it can't be taken back), be careful what they write online - the impact of their words and cyberbullying.



**Liathróid Láimhe Oilimpeach**

Bhí sé iontach comórtais liathróid láimhe oilimpeach a fheiceáil ar ais i mbliana tar éis briseadh fada. Tá Cumann Liathróid Láimhe Oilimpeach na hÉireann tar éis ról níos láirní a ghlacadh i gcomórtais na bliana seo le hathrú tagtha ar roinnt rialacha chun an cluiche a dhéanamh níos tarraingtí do pháistí. Chomh maith le sin tá comórtas uile Éireann nua curtha i bhfeidhm. Ghlac fóirne ó Ranganna 4, 5 agus 6 páirt sna comórtais áitiúla le caighdeán ard le feiceáil. Cé nár éirigh leo dul ar aghaidh i mbliana bhí breis is 100 páiste ó GMA páirteach sna comórtais. Bhí sé iontach an méid páistí a fheiceáil ag baint triail as an gcluiche nua seo. Cuireadh oiliúint ar fáil do mhúinteoirí freisin agus ghlac ceathrar múinteoir páirt sna laethanta sin. Míle buíochas do na múinteoirí ar fad a thug cúnamh le traenáil – Rachel, Ciara, Ciarán agus Fiachra. Beimíd ag súil le tosnú arís ag tús na scoilbhliana seo chugainn.

*It was great to see Olympic Handball competitions back this year. The Irish Olympic Handball Association has taken a more central role in competitions with some rule changes to make the game more attractive to children. In addition, a new All Ireland competition has been implemented. Teams from 4th, 5th and 6th classes took part in the local competitions with a high standard to be seen. Although they did not succeed in progressing this year, over 100 children from GMA were involved in the competitions. It was great to see so many children trying out this new game. Training was also provided to teachers in coaching the game and four GMA teachers took part. Many thanks to all the teachers who helped with training - Rachel, Ciara, Ciarán and Fiachra. We look forward to starting again in the next school year.*

Chabhraigh aistriú fola go mór le scoláire i nGaelscoil Mhic Amhlaigh go mór i mbliana. Ba mhaith linn béim a chur ar an dtábhacht a bhaineann le deonú fola a thabhairt mar is minic a bhíonn easpa síntiúis ann i rith an tsamhraidh. Tá nasc iniata thíos de na háiteanna agus na dátaí gur féidir deonú fola a dhéanamh i nGaillimh an samhradh seo.

https://www.giveblood.ie/find-a-clinic/clinic-finder/#!c=Galway#!d=8

A student in our school has benefited hugely from blood transfusions this year. We would like to highlight the importance of giving blood donations when possible as there is often a shortage of donations over the summer. There is a link below with the nearest centres in Galway and the dates of when they are next available this summer:

https://www.giveblood.ie/find-a-clinic/clinic-finder/#!c=Galway#!d=8




Ba mhaith linn ár mbuíochais a ghabháil libh uilig as ucht bhur gcuid tacaíochta leis an Lá Feasachta Domhanda do Siondroim Down a cheiliúradh anseo sa scoil, ar an 21ú Márta. Bailíodh €710 anseo ar son an carthanacht 'Voices for Down Syndrome Galway', a chuireann seirbhísí Teangain agus Urlabhra ar fáil do pháistí, déagóirí agus daoine fásta óga i nGaillimh. Míle buíochas.






**Seachtain Gníomhach**

Beidh Seachtain Gníomhach ar siúl an tseachtain seo chugainn an 19ú – 23ú Meitheamh. Tháinig coiste tuismitheoirí le chéile chun imeachtaí difriúla a eagrú do na ranganna ar fad. Beidh ar a laghad dhá imeacht difriúl ar siúl ag gach rang agus tá ard mholadh ag dul don choiste as an obair seo. Buíochas mór dona tuismitheoirí agus comhlachtaí eagsúla atá ag cuir a gcuid ama ar fáil an tseachtain seo ar son na bpáistí. Buíochas d'Aonghus as ucht é a eagrú leis na tuismitheoirí.

*Our Active Schools Week will take place the week 19th of June. A group of parents have come together to organise a range of activities for each class this week. Trojan work has gone into this week and the committee deserve huge credit. Each class will have at least two different activities ranging from disco's to golf. A huge thanks to all the parents and companies who have given their time during this week for the kids. A special thanks to Aonghus for co-ordinating the week with the parents.*

## Díolachán Cístí / Cale Sale

Tá Rang a 4 ag eagrú díolachán cístí an Aoine seo chugainn 16ú Meitheamh sa halla chun airgead a bhailiú don charthanacht speisialta 'Cian's Kennels' atá ag tabhairt tacaíocht do pháiste i Rang Áine faoi láthair dá bharr tinneas. Táimid ag iarraidh ar gach clann i Rang a 4 rud éigint a bhácáil agus a thabhairt isteach ar scoil an Aoine seo chugainn. Ba mhaith linn ár dtacaíocht a thaispeáint don chlann tré airgead a bhailiú i gcomhair 'Cian's Kennels', a thugann tacaíocht do theaghlaigh nuair atá páiste san ospidéal le tinneas.


Is féidir a thuilleadh eolais a fháil faoin gcarthanacht seo nó síntiús a dhéanamh tré an nasc seo:

https://www.cianskennels.ie/

*Next Friday 4th class are going to host a bake sale fundraiser in the hall to raise money for a very special charity 'Cian's Kennels' who gave huge support to a child in Múinteoir Áine's class and her family this year due to an illness. We are asking each family in 4th class to bake something and bring the baked goods to school next Friday 16th June. All of the money raised will go towards this wonderful charity who support families through childhood illness.*

*You can find more information about this charity or give additional donations below:*

https://www.cianskennels.ie/



Míle buíochas,
Múinteoir Áine

**Spelling Bee**

Comhgháirdeas le Cormac Ó Cofaigh a rinne ionadaíocht ar an scoil sa gcomórtas Spelling B . Maith thú Cormac .

*Congratulations to Cormac Ó Cofaigh who represented the school so well in the city Spelling B competition . Fair Play Cormac!*




**National Lifesaving Champs**

Comhgháirdeas ó chroí le Conor Mac Uilliam  a bhuaigh ÓR ag na comórtaisí náisiúnta I mí Aibrean I Luimneach .

*A big congratulations to Conor Williams who won GOLD in the National Lifesaving championships in UL in April . He came first in the 50m U11s boys obstacle races beating all competitors by 2 seconds . What a fantastic achievement , Maith thú Conor .*



**Snámh**

Comhghairdeas leis na páistí ar fad a bhí ar fhoireann snámha na scoile I mbliana agus a chruthaigh go breá ag na comórtaisí eagsúla :

| **Buachaillí** | **Cailíní** |
|---|---|
| Gearóid Ó Fathaigh | Ciara Ní Chuinneagáin |
| Conor Mac Uilliam | Rose Nic Eoin |
| Cillian Ó Laithimh | Sophie Ní Mhaolchallan |
| Noah Ó Maonaigh | Caoimhe Ní Chosgair |
| Aodán Breathnach | Éabha Nic Lochlainn |
| Darragh Ó Loinsigh | Grace Ní Cheallacháin |
| Callum Ó Rynne | Kate Nic Eoin |



*Congratulations to the children above who participated in swimming competitions on behalf of the school this year. We are very proud of their participation and achievements . Míle buíochas to Fergal and all the parents for their support and encouragement .*

**An Chéad Fhaoistin & An Chéad Chomaoineach**

**Comhghairdeas ó chroí le Páistí Rang 2 agus múinteoirí Úna , Joe & Órnaith . Chruthaigh siad dhá ócáid speisialta le deirneas le searmanas an Chéad Fhaoistin agus an Chéad Chomaoineach . Bhí an dá searmanas fíor speisialta agus smaoineoidh na páistí agus a gclainnte orthu ar feadh I bhfad . Míle buíochas leis na múinteoirí agus le Órfhlaith as ucht a gcuid oibre ar fad . Nar laga Dia sibh!**

**Buíochas ó chroí le Mary , Deirdre, Siobhán, Sally , Fergal , Tighearnan agus múinteoirí na scoile as ucht an ceol álainn a chur ar fáil ar an lá .**

**Buíochas speisialta d'Oscar agus Callan a sheinn an organ ag searmanas an Chéad Fhaoistin . Bhí sibh do-chreidthe speisialta a bhuachaillí . Mo cheol sibh!**

**Buíochas do na tuismitheoirí as ucht bhur dtacaíocht agus an buíochas a léirigh sibh do na múinteoirí as ucht a gcuid oibre ar fad .**

*Congratulations to our Rang 2 children and their teachers Úna, Joe & Órnaith for the beautiful ceremonies they provided for the First Confession & First Communion days.*

*They were special ceremonies in many ways and the children's participation and inclusion was fantastic to witness . Children and families will remember these special days for many years . A massive thank you to Úna , Joe , Órnaith and to Órfhlaith for their dedicated work .*

*Many thanks to the parents for your support and the appreciation shown to our teachers for that extra dedication . Maith sibh ar fad !*



**Lá Spraoi Spórt/ Sport Fun Day**

**Bhí dhá lá iontach eagraithe ag Rang 6 Rachel don scoil ar fad Dé Luain & Dé Máirt . Bhí chuile dhuine chomh tógtha leis . Buíochas ollmhór do Rachel & na páistí . Fair play daoibh!**

Rang 6 Rachel organised and managed our Sport Fun Days this year over 2 days this week.

Everyone was so delighted and so complimentary of their organisational skills . A big thank you to Rachel and the children . You were all fantastic , wonderful entrepreneurial skills displayed . Well done !

**Focail Buíochas/A Word of Thanks:**

Agus muid ag druidim i dtreo deireadh na scoilbliana, is mian liom mo bhuíochas a ghabháil le pobal uile na scoile as ucht bhur dtacaíocht agus bhur gcomhoibriú ar feadh na bliana. I dtosach báire, ba mhaith linne thar ceann an Bhord Bainistíochta buíochas ar leith a ghabháil leis na múinteoirí, leis na cúntoirí riachtanaisí speisialta agus ár gcúntóir teanga Monica as ucht an suim, spéis agus am a thugann sibh don scoil lasmuigh agus laistigh den tseomra ranga, nár laga Dia sibh! Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don sár- obair ar fad a chur na múinteoirí isteach aríst i mbliana. Mo cheol sibh! Buíochas freisin do na Stúrthóirí sa Naíonra agus Foireann na hIarscoile. Buíochas ó chroí le bainisteoir seirbhísí Naíonra agus Iarscoile, Caitríona as ucht bliain iontach. Beidh sí ag bogadh ar aghaidh go dtí post nua amach anseo le Comhair Naíonraí na Gaeltachta. Tá sár jab déanta aicí ó tháinig sí chugainn dhá bhliain ó shin. Guímíd gach rath ort Caitríona. Chomh maith leis sin, is mian linne ár mbuíochas a ghabháil le Coiste na dTuismitheoirí as ucht a gcuid oibre don scoil. Cuireann siad go mór le h-imeachtaí agus tionscnaimh scoile. Táimid chomh buíoch do thuistí Rang 6 a chaith am ag tacú leis an scoil ar go leor bealaí le 8 mbliana anuas. Buíochas ollmhór do choiste Slán le Rang 6. Tá buíochas speisialta ag dul d'ár gCoiste Tráchta a choinníonn gach éinne sábháilte. Tá sibh iontach ag cuidiú linn gach maidin! Níl orainn a rá ach go bhfuil moladh mór tuillte ag an mBord Bainistíochta as ucht an obair fiúntach deonach atá ar siúl acu don scoil. Buíochas freisin do Peter, na glantóirí agus Alan. Buíochas speisialta do Kathleen & Aoife as ucht a gcuid oibre ar fad san oifig le linn na bliana. Ach go h-áirithe is mian linne ionchur na ngasúr ar fad a aithint agus a mholadh. Tá ard mholadh ag dul do ghasúir Rang 6 as ucht a gcuid co-oibriú, dearcaidh dearfaí agus spiorad i gcaitheamh a gcuid ama i nGaelscoil Mhic Amhlaigh. Guímid gach rath agus sonas orthu!

*As we approach the end of another school year, I would like to sincerely thank all the school community for your co-operation and support throughout the year. On behalf of the Board of Management, I would like to extend a sincere thank you to each of the teachers, the SNAs and our language assistant Monica for their commitment, interest and time both inside and outside the classroom throughout the school year. I would especially like to acknowledge the commitment and support given by the staff to the school this year. Míle buíochas daoibh ar fad. Many thanks to the stiúrthóirí for their wonderful work in the Naíonra, to the after school service employees and to Caitríona, the manager of all the services. Caitríona will be moving on to a new position with Comhair Naíonraí na Gaeltachta soon. We extend a sincere thank you to Caitríona for her wonderful leadership and work on behalf of the children in the Naíonra and afterschool services for nearly 2 years. We wish her every happiness and success in her new role. We would also like to extend a huge thanks to the Parents' Association for their contribution to the school throughout the school year. A special thank you to our 6th class parents whose youngest children are leaving us for the fantastic support they have given to the school. Some of you worked tirelessly on the parents association for years and on other school projects. Many thanks to our Slán le Rang 6 committee. A special thanks to our Traffic Committee who keep us all safe. You are a fantastic support to the school each morning.Your work is so appreciated! We must mention the important voluntary work that has been done by the Board of Management for which the school community is very grateful. A Special thank you to Peter, the cleaners & Alan. To Kathleen & Aoife for all their hard work in the office during the year, Thank you! Lastly but by no means least, we want to thank all of the children for their joyful input to the pulse of Gaelscoil Mhic Amhlaigh! A special mention to Rang 6 who will be leaving us shortly- Your co-operation, positive attitudes and spirit will never be forgotten. We wish each of you the very best in your lives ahead.*



***BÍODH SAMHRADH DEAS, SONA AGUS SÁBHÁILTE AGAIBH AR FAD IDIR FOIREANN, TUISMITHEOIRÍ AGUS PÁISTÍ!***
***WISHING YOU ALL, STAFF, PARENTS AND CHILDREN AN ENJOYABLE AND SAFE SUMMER!***

Bainigí taitneamh as!

Is mise le mór mheas & le mór bhuíochas,
*Dairíona,*
***Príomhoide, Gaelscoil Mhic Amhlaigh .***

